C/2025/103

10.1.2025

Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa

Breithnithe breise maidir le beartas eacnamaíoch 2024 an limistéir euro

(tuairim féintionscnaimh)

(C/2025/103)

Rapóirtéir: **Petru Sorin DANDEA**

Cinneadh ón Tionól Iomlánach	21.3.2024
Bunús dlí	Riail 52(2) de na Rialacha Nós Imeachta
An rannóg atá freagrach	Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta agus Comhtháthú Eacnamaíoch agus Sóisialta
Dáta a glactha sa rannóg	11.10.2024
Dáta a glactha sa seisiún iomlánach	23.10.2024
Seisiún iomlánach Uimh.	591
Toradh na vótála (ar son/in aghaidh/staonadh)	246/1/6

1. Conclúidí agus moltaí

1.1. Measann CESE go bhfuil sé ríthábhachtach an comhordú fioscach a neartú i measc Bhallstáit an limistéir euro má táthar chun cóineasú aníos, cobhsaíocht agus athléimneacht cheart a áirithiú. Mar chuid de sin, d'fhéadfaí na beartais bhuiséadacha náisiúnta a chomhordú ní ba dhlúithe, agus ionstraimí fioscacha coiteanna a phlé. Ar an dul sin, creideann CESE go bhfuil sé cruthaithe a thábhachtaí atá Next Generation EU agus molann sé go mbeadh ionstraimí comhchosúla mar chuid den Chreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) a bheidh ann amach anseo. Ina theannta sin, tá CESE ag tathant go láidir gné na hinbhuanaitheachta a áireamh sna cúrsaí fioscacha ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais araon, agus spás fioscach a chruthú le haghaidh suaití amach anseo.

1.2. Tá CESE ag iarraidh go ndéanfar gníomhaíocht chomhchoiteann maidir le conas an t-aontas airgeadais a thabhairt chun críche. Mar gheall ar an méid bheag atá sna margaí caipitil san Aontas agus a ilroinnte atá siad, tá infheisteoirí ag aistriú chuig margaí domhanda eile, go háirithe margadh na Stát Aontaithe. Sa chomhthéacs sin, measann CESE gur cheart tús áite a thabhairt do thabhairt chun críche Aontas na Margaí Caipitil. Mar sin féin, beidh cobhsaíocht an mhargaidh airgeadais agus cosaint chuimsitheach tomhaltóirí ríthábhachtach i gcónaí.

1.3. Is é is cúis le hilroinnt an mhargaidh airgeadais na difríochtaí atá ann ó thaobh na rialála agus an chleachtais de sna hearnálacha baincéireachta ó Bhallstát go Ballstát. Dá dheasca sin, ní féidir na hacmhainní airgeadais a shlógadh go héifeachtach, go háirithe i gcás tionscadail thábhachtacha bhonneagair a mhaoiniú ar an leibhéal Eorpach. Dá bhrí sin, ní mór tosaíocht a dhéanamh de thabhairt chun críche an aontais baincéireachta i dtéarma nua an Choimisiúin Eorpaigh.

1.4. Creideann CESE gur cheart plean gníomhaíochta a fhorbairt chun dlús a chur leis an bhfíorchóineasú, agus gur cheart an beartas comhtháthaithe a chur i gcroílár an chreata airgeadais ilbhliantúil i gcónaí.

1.5. Creideann CESE nach mór don Aontas an buntáiste iomaíoch is mó is féidir a bhaint as an margadh aonair. Tacaíonn CESE leis an tionscnamh ón gCoimisiún Eorpach ceanglais tuairiscithe a laghdú 25 %, ós rud é go bhfuil na ceanglais sin ar cheann de na príomhchonstaicí ar fhás eacnamaíoch inbhuanaithe. Dá laghdófaí an rómhaorlathas agus dá ndéanfaí na nósanna imeachta riaracháin a shimpliú, spreagfaí earnáil ghnó na hEorpa agus dhéanfaí í ní b'éifeachtúla agus ní b'éifeachtaí. Mar sin féin, níor cheart déanamh amhlaidh más rud é gur thíos leis a bheadh na caighdeáin shóisialta agus chomhshaoil, agus cearta na n-oibrithe agus na dtomhaltóirí.

1.6. Ceann de na heasnaimh is mó atá sa limistéar euro is ea an próiseas cinnteoireachta nach bhfuil chomh hinchreidte sin. Measann CESE go bhfuil géarghá le cur chuige nua ó thaobh na cinnteoireachta de.

1.7. Agus próiseas an dícharbónaithe ar bun, ní mór don Aontas margadh aonair an leictreachais a thabhairt i gcrích. Is riachtanas é líonra atá go hiomlán idirnasctha a chruthú ar an leibhéal Eorpach. Cuideoidh sé sin freisin le praghsanna fuinnimh a laghdú agus an boilsciú a chomhrac agus cabhróidh sé le cuideachtaí an Aontais cur lena n-iomaíochas.

1.8. Dar le CESE, is éard a dhéanfadh clár oibre cuimsitheach beartais don limistéar euro in 2024 cothromaíocht a bhaint amach idir na riachtanais ghearrthéarmacha, an téarnamh eacnamaíoch, cuir i gcás, agus na tosaíochtaí fadtéarmacha, lena n-áirítear an infheistíocht, an inbhuanaitheacht, an nuálaíocht agus an cuimsiú sóisialta.

2. **Cúlra**

2.1. Cé gur fíordhúshlánach cúrsaí domhanda mar atá, agus dhá choinbhleacht mhíleata ar bun ag teorainneacha an Aontais agus an teannas geopholaitiúil ag dul i méid i gcónaí, tá teacht aniar áirithe léirithe ag geilleagar an Aontais agus tá comharthaí an téarnaimh le brath sa chéad ráithe de 2024, fiú.

2.2. I Réamhaisnéis Eacnamaíoch an Earraigh ([1]) a roinn an Coimisiún Eorpach le déanaí, meastar go dtiocfaidh méadú 1 % ar an bhfás OTI san Aontas agus méadú 0.8 % sa limistéar euro in 2024, fás atá go mór faoi bhun an mheáin do gheilleagair fhorbartha.

2.3. Ó thaobh ráta an bhoilscithe de, tá 2.7 % in 2024 agus 2.2 % in 2025 á thuar don Aontas, agus 2.5 % in 2024 agus 2.1 % in 2025 don limistéar euro. Meastar, áfach, i gcás an chroí-bhoilscithe go mbainfear an sprioc amach faoi lár 2025.

2.4. A bhuí leis an dá mhilliún post nua a cruthaíodh in 2023, baineadh amach an leibhéal is airde riamh ó thaobh na fostaíochta san Aontas de, mar atá 75.5 %, agus d'fhan an ráta dífhostaíochta ar an leibhéal is ísle riamh, is é sin 6 %. Mar sin féin, tá difríocht shuntasach ann ó thaobh na dífhostaíochta de ó Bhallstát go Ballstát. Cé gur tháinig méadú 5.6 % ar an bhfíorphá in 2023, is ísle é go fóill ná leibhéal 2021. Léirítear i Réamhaisnéis Eacnamaíoch Eorpach an Earraigh go bhféadfadh an fíorphá filleadh ar leibhéal 2021 ó lár 2025 amach.

2.5. Cé gur ann do na comharthaí fáis sin i ngeilleagar an Aontais, tá na rioscaí atá ann ar an leibhéal domhanda tar éis dul i méid le míonna beaga anuas. Is cosúil go mbaineann na príomhdhúshláin leis an ilroinnt dhomhanda atá ar siúl faoi láthair, lena n-áirítear glacadh beart caomhnaitheach (taraifí) maidir leis an trádáil dhomhanda, agus le cuid mhaith luaineachtaí sna margaí fuinnimh. Cuirfear moill ar ísliú na rátaí úis. De dheasca an bhoilscithe leanúnaigh sna Stáit Aontaithe, beidh drogall ar an mBanc Ceannais Eorpach na rátaí úis a laghdú. Ar an drochuair, cuirfidh an dá chúinse sin moill ar athsheoladh na n-infheistíochtaí, cé gur mó ná riamh an gá atá leo chun an t-iomaíochas agus an chosaint a mhaoiniú, gan trácht ar an aistriú aeráide agus an t-aistriú digiteach. Ina theannta sin, beidh teorainn leis na hacmhainní poiblí mar gheall ar an gcaiteachas méadaithe ar an athrú aeráide, an chosaint, próiseas an aistrithe agus costais iasachtaíochta, chomh maith leis na costais a bhaineann le daonra atá ag dul in aois.

3. **Barúlacha ginearálta agus sonracha**

3.1. Tugann CESE dá aire a bhfuil comhaontaithe ag na Ballstáit maidir leis an gComhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis a athchóiriú. Cuireann na rialacháin nua leis an úinéireacht náisiúnta, agus beidh rialacha níos fabhraí ann freisin maidir le heasnamh sa bhuiséad a ríomh trí chláir chómhaoinithe arna gcistiú ag an Aontas a chur san áireamh. Mar sin féin, tá CESE den tuairim go bhféadfadh sé go gcuirfí na rialacha fioscacha i bhfeidhm go docht dian go fóill agus go bhféadfaidís cur isteach ar chumas na mBallstát an beartas fioscach a úsáid chun cor chun donais sa gheilleagar a chomhrac nó infheistíocht a mhealladh. Babhta eile beartais déine, fiú, ní féidir a leithéid a chur as an gcuntas. Ós rud é nach ann d'údarás fioscach láraithe sa limistéar euro, agus i bhfianaise a chasta agus a dhúshlanaí atá cúrsaí geopholaitiúla i láthair na huaire, tá gá lena thuilleadh a dhéanamh chun an beartas fioscach a chomhordú níos fearr. Tá sé ríthábhachtach an comhordú fioscach a neartú i measc Bhallstáit an limistéir euro má táthar chun cóineasú aníos, cobhsaíocht agus athléimneacht a áirithiú. Mar chuid de sin, d'fhéadfaí na beartais bhuiséadacha náisiúnta a chomhordú ní ba dhlúithe, agus ionstraimí fioscacha coiteanna a phlé. Ar an dul sin, creideann CESE go bhfuil sé cruthaithe a thábhachtaí atá Next Generation EU agus molann sé go mbeadh ionstraimí comhchosúla mar chuid den CAI a bheidh ann amach anseo. Thairis sin, molann CESE comhdhlúthú fioscach ar bhonn cothrom a bheith ann chun go n-áiritheofar nach iad na daoine is leochailí agus na daoine ar ioncam íseal agus ar mheánioncam is mó a bheidh thíos leis. Is fadhb thromchúiseach do na mílte duine é caiteachas ar oideachas, ar shlándáil shóisialta agus ar shláinte a ghearradh, agus baineann sé an bonn den iomaíochas, den fhás eacnamaíoch agus den chobhsaíocht pholaitiúil.

([1]) *Spring 2024 Economic Forecast: A gradual expansion amid high geopolitical risks*, An Coimisiún Eorpach, 15 Bealtaine 2024.

3.2. Cé go dtuigeann CESE an tábhacht a bhain le toghcháin Eorpacha mhí an Mheithimh, creideann sé gur cheart Comhaontú Glas cóir agus an Digiteáil a choinneáil ar na príomhbheartais fhadtéarmacha atá ag an Aontas. Ar an drochuair, níl a dhóthain cistiúcháin á leithdháileadh ar cheachtar acu, agus deir an Banc Ceannais Eorpach go bhfuil os cionn EUR 740 billiún sa bhliain ag teastáil lena n-aghaidh. Mar gheall ar an méid bheag atá sna margaí caipitil san Aontas agus a ilroinnte atá siad, tá infheisteoirí ag aistriú chuig margaí domhanda eile, go háirithe margadh na Stát Aontaithe. Sa chomhthéacs sin, measann CESE gur cheart tús áite a thabhairt do thabhairt chun críche Aontas na Margaí Caipitil, agus cuireann sé i bhfáth arís an moladh a rinne sé sa tuairim uaidh maidir le beartas eacnamaíoch 2024 an limistéir euro ([2]). Mar sin féin, níor cheart doimhniú a dhéanamh ar Aontas na Margaí Caipitil ar chaoi a bhfágfadh go mbeadh cobhsaíocht an mhargaidh airgeadais thíos leis. Meabhraíonn CESE na tograí a rinneadh sa tuairim uaidh *Aontas na Margaí Caipitil: Aontas do Dhaoine agus do Ghnólachtaí (plean gníomhaíochta nua)* ([3]).

3.3. Cé go bhfuil dul chun cinn déanta i dtreo aontas baincéireachta, níl sé tugtha chun críche go fóill. D'fhéadfadh éagobhsaíocht airgeadais a bheith mar thoradh ar an easpa comhscéime árachais taiscí atá curtha chun feidhme go hiomlán agus easpa creata stóinsithe le haghaidh réiteach banc. De thoradh na ndifríochtaí rialála agus cleachtais atá ann cheana ar fud na mBallstát, tá ilroinnt airgeadais ann agus cuirtear cosc ar acmhainní airgeadais a shlógadh go héifeachtach, go háirithe maidir le tionscadail thábhachtacha bhonneagair a mhaoiniú ar an leibhéal Eorpach. Sampla amháin is ea an chaoi a bhfuil gach banc sistéamach Eorpach ag úsáid na néalseirbhíse a thairgeann cuideachtaí Meiriceánacha toisc nach bhfuil aon rogha choibhéiseach Eorpach ann. Ní mór tosaíocht a dhéanamh de thabhairt chun críche an aontais baincéireachta i dtéarma nua an Choimisiúin Eorpaigh.

3.4. Breis agus scór bliain tar éis thabhairt isteach an euro, tá éagothromaíochtaí tromchúiseacha fós le sárú ag an limistéar euro maidir leis an bhfeidhmíocht eacnamaíoch idir an limistéar láir (e.g. an Ghearmáin, an Ísiltír) agus limistéir ar an bhforimeall (e.g. an Ghréig, an Spáinn, an Iodáil). Is féidir leis na héagothromaíochtaí sin ualaí tromchúiseacha a chur ar dhaoine, teannas a chruthú agus éifeachtacht beartais airgeadaíochta aonadaigh a theorannú. Creideann CESE gur cheart plean beart a fhorbairt chun dlús a chur leis an bhfíorchóineasú. Ba cheart go leanfadh an beartas comhtháthaithe de bheith i gcroílár CAI. D'fhéadfaí a áireamh leis sin beartas níos solúbtha de chuid an Choimisiúin Eorpaigh maidir le cumaisc nó éadálacha a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le corparáidí Eorpacha níos láidre a bhunú a mbeadh cumas forbartha, taighde agus nuálaíochta acu a chuirfeadh ar comhchéim iad le corparáidí eile atá ag feidhmiú ar fud an domhain.

3.5. Tá dúshláin roimh roinnt mhaith tíortha sa limistéar euro, agus tá gá le hathchóirithe struchtúracha chun feabhas a chur ar infheistíocht, iomaíochas agus táirgiúlacht ar bhealach sóisialta atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de. Sa chomhthéacs dúshlánach domhanda, ní mór don Aontas an buntáiste iomaíoch a chuirtear ar fáil leis an margadh aonair a uasmhéadú. Tacaíonn CESE leis an tionscnamh ón gCoimisiún Eorpach ceanglais tuairiscithe a laghdú faoi 25 %. Dá laghdófaí an rómhaorlathas agus dá ndéanfaí nósanna imeachta riaracháin a shimpliú, spreagfaí earnáil ghnó na hEorpa agus bheadh sí níos éifeachtúla agus níos éifeachtaí. Mar sin féin, níor cheart déanamh amhlaidh más rud é gur thíos leis a bheadh na caighdeáin shóisialta agus chomhshaoil, agus cearta na n-oibrithe agus na dtomhaltóirí.

3.6. Ceann de na heasnaimh is mó atá sa limistéar euro is ea an próiseas cinnteoireachta nach bhfuil chomh hinchreidte sin. In go leor cásanna, bhí an próiseas sin mall agus casta mar gheall ar phrionsabal an chomhdhearcaidh. Baineann easaontais pholaitiúla agus leasanna náisiúnta éagsúla an bonn de chomhleanúnachas agus d'éifeachtacht bheartais an limistéir euro. Measann CESE go bhfuil géarghá le cur chuige nua ó thaobh na cinnteoireachta de. Ba cheart tús áite a thabhairt d'institiúidí daonlathacha, do chearta bunúsacha agus do ról níos éifeachtaí a thabhairt d'eagraíochtaí na sochaí sibhialta sa phróiseas cinnteoireachta.

3.7. Mar chuid d'iarrachtaí níos leithne chun an t-athrú aeráide a chomhrac, le beartais an limistéir euro d'fhéadfaí tús áite a thabhairt d'infheistíochtaí i mbonneagar inbhuanaithe, do thacaíocht do thionscail ghlasa agus ísealcharbóin agus d'aistriú na ngníomhaíochtaí eacnamaíocha uile, lena n-áirítear seirbhísí, airgeadas agus réadmhaoin agus cur chun feidhme sásraí praghsála carbóin. Ina theannta sin, dá ndéanfaí breithnithe aeráide a chomhtháthú i gcreataí beartais airgeadaíochta, chuideofaí le sreafaí airgeadais a ailíniú leis na cuspóirí aeráide. De réir mar a leanann an próiseas dícharbónaithe ar aghaidh, ní mór don Aontas an margadh aonair leictreachais a chur i gcrích. Is réamhriachtanas é líonra atá go hiomlán idirnasctha a chruthú ar an leibhéal Eorpach.

([2]) Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa — Moladh le haghaidh Moladh ón gComhairle maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro (COM(2023) 903 final) (IO C, C/2024/2104, 26.3.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/2104/oj).

([3]) IO C 155, 30.4.2021, lch. 20.

3.8. I gcomhthéacs geopholaitiúil atá casta agus dúshlánach, ba cheart go mbeadh páirt ghníomhach ag an limistéar euro sa chomhar agus sa taidhleoireacht dhomhanda. Áirítear leis sin an t-iltaobhachas a mholadh, an tsaorthrádáil chóir a chur chun cinn agus rannchuidiú leis na hiarrachtaí domhanda chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin phráinneacha amhail an tsláinte phoiblí, an t-athrú aeráide agus bagairtí slándála.

3.9. Le clár oibre cuimsitheach beartais don limistéar euro in 2024, bheadh gá le cothromaíocht a bhaint amach idir riachtanais ghearrthéarmacha amhail an téarnamh eacnamaíoch agus tosaíochtaí fadtéarmacha amhail an inbhuanaitheacht, an infheistíocht, an táirgiúlacht, an t-iomaíochas, an chobhsaíocht airgeadais, an nuálaíocht agus an cuimsiú sóisialta. Beidh comhar i measc Bhallstáit an limistéir euro, mar aon le sásraí éifeachtacha rialachais ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal Eorpach araon, ríthábhachtach má táthar chun na beartais sin a chur chun feidhme go rathúil.

An Bhruiséil, 23 Deireadh Fómhair 2024.

Uachtarán
Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa
Oliver RÖPKE